

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

Aighneacht maidir le

Plean Straitéiseach na Comhairle Múinteoireachta 2015-2017

Fáiltíonn an An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) roimh an gcuireadh aighneacht a chur faoi bhráid na Comhairle Mhúinteoireachta maidir lena Plean Straitéiseach 2015-2017.

Tréaslaíonn COGG a cuid oibre leis an gComhairle Mhúinteoireachta ó bunaíodh í i 2001.

Maidir le gairm na múinteoireachta, is é an cúis inmí is mó atá ar COGG ná inniúlacht na múinteoirí sa Ghaeilge, a gcumas í a theagasc agus cumas múinteoirí teagasc trí mheán na Gaeilge. Creideann COGG go bhfuil freagracht reachtúil ar an gComhairle Mhúinteoireachta é seo a chinntiú.

De réir *Tuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012* (An Roinn Oideachais agus Scileanna):

“Ní raibh torthaí na cigireachta i leith na Gaeilge chomh dearfach céanna in aon chor leis na torthaí don Bhéarla nó don mhatamaitic. I gcaitheamh na mblianta 2010-2012, thuiriscigh na cigirí go raibh deacrachtaí ag baint le cáilíocht an teagaisc don Ghaeilge sa chúigiú cuid de na ceachtanna a ndearnadh iniúchadh orthu le linn cigireachtaí teagmhasacha agus go raibh deacrachtaí ag baint le cáilíocht fhoghlama na teanga ag daltaí i thart ar an gceathrú cuid (24%) de na ceachtanna sin.”

Dar le plean Straitéiseach na Comhairle Mhúinteoireachta:

“Tá sé de fhreagracht ar an gComhairle a chinntiú go mbíonn ardchaighdeáin dhaingne le feiceáil go soiléir ag gach céim de chleachtadh an mhúinteora.”

agus

“Teastaíonn ón gComhairle iontaoibh a chothabháil agus cur léi, idir iontaoibh an phobail as an ngairm agus an iontaoibh a bhíonn ag múinteoirí astu féin agus as a chéile.”

Cé go maíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta go ndearnadh *“dul chun cinn suntasach maidir le caighdeáin a bhunú do gach céim de ghairmréim an mhúinteora...”*, is é tuairim mheáite COGG nach bhfuil an obair seo ach ina tús maidir le caighdeán Gaeilge bun-mhúinteoirí agus múinteoirí Gaeilge iar-bhunscoile a chinntiú. Cuirtear an-bhéim ar a gcaighdeán Gaeilge agus micléinn ag tosú ar a n-oideachas tríú leibhéal ach ní fheictear go bhfuil aon slat tomhais iontaofa i bhfeidhm ag deireadh na mblianta fochéime.

Dar leis an Straitéis:

“Baineann obair na Comhairle le daoine a chur ar a suaimhneas, agus le dúshlán a chur orthu. Teastaíonn uaithi a chinntiú go mbeidh tuismitheoirí agus daltaí ar a suaimhneas faoi cháilíocht an teagaisc agus na foghlama a chuirfear ar fáil i scoileanna.”

Tá an-mhíshuaimhneas ann maidir leis an soláthar múinteoirí ardchumais atá inniúil ar an teagasc trí Ghaeilge. Fadhb mhór í seo sna hiar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge, ach go háirithe.

Tá súil ag COGG go mbainfear amach an sprioc seo:

d) *Caighdeáin a dhearbhu ag gach céim de ghairmréim an mhúinteora trí chlár múinteoirí slán iontaofa a chothabháil go leanúnach.*

agus go gcuirfear ar fáil tacaíochtaí do mhúinteoirí lena gcumas sa Ghaeilge a fhorbairt ar bhonn leanúnach.

Maidir leis na rialacháin, má leantar ag glacadh le céimeanna bronnta ag institiúidí tríú leibhéal mar fhianaise go bhfuil múinteoir cáilithe le Gaeilge a theagasc nó le teagasc trí Ghaeilge, ní fiú na rialacháin a chur i bhfeidhm. Mar sin atá an córas i láthair na h-uaire agus molann COGG go bhfuil sé práinneach aghaidh a thabhairt ar na laigí a bhaineann le cáilíochtaí tríú leibhéal líon ard mac léinn.

“That the qualification(s) which the applicant possesses meets the education, training and qualifications criteria determined by the Council.”

Muireann Ní Mhóráin

Príomhfheidhmeannach COGG

29 Deireadh Fómhair 2014